

## Financial Guideline P09 - 2017/2018

### PAYE Modernisation

#### What is PAYE Modernisation?

PAYE Modernisation is a new reporting initiative being launched by the Revenue and is expected to be phased in by the end of 2018 and be fully operational by January 2019. The objective of PAYE modernisation is to deliver real time information so that Revenue, employers and employees will have the most accurate up to date information relating to pay and tax deductions.

#### What does it mean for my school?

- All schools that employ people not directly employed by the Department of Education & Skills (i.e. Caretakers, Secretaries, Cleaners, etc.) **must** have either:
  - a computerised payroll system in place.

#### OR

- engage the services of a bookkeeper/accountant that will be able to provide a payroll support function that is compliant with PAYE Modernisation.
- Revenue will receive the most up to date information available and will eliminate the need for P30s, P35s, P45s and P60 forms. The payroll system will automatically receive new tax credits from Revenue and prepare the return to be sent to the revenue each time the payroll run is completed.
- Employees will benefit from knowing that they are not overpaying or underpaying tax. Employees can access their revenue record using 'my Account' on [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)
- Revenue will issue a monthly statement to employers showing the total taxes deducted for PAYE, PRSI, USC & LPT and this will be the amount payable to Revenue.
- Payments made to Revenue will remain the same i.e. monthly, quarterly, annually etc.
- Schools must be registered on ROS to comply with the above.

## **How do I prepare for PAYE Modernisation?**

Schools should review their current payroll procedures and make the necessary changes to ensure they comply with the new requirements.

- All schools **must** have a computerised payroll system to enable them to streamline the payroll process efficiently and accurately or else engage the services of an agent that provides payroll support.
- Schools should ensure that the payroll software supplier or the agent that supplies payroll support to the school is compliant with the new legislation.
- Check that you have the correct PPSN for each employee.
- All employees should be registered on ROS using 'my Account'.
- The Revenue will issue updated P2C's for all employees each December for the coming year. This can be imported to the computerised payroll system at the start of the new year.

**If you require any further information, please email [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) or phone (01) 910 4020**

**Financial Support Services Unit**

## Treoir Airgeadais P09 - 2017/2018

### Nuachóiriú an Chórais ÍMAT

#### Céard é Nuachóiriú an Chórais ÍMAT?

Is tionscnamh é Nuachóiriú an Chórais ÍMAT atá á sheoladh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá sé beartaithe go dtosódh siad á thabhairt isteach faoi dheireadh na bliana 2018 agus go mbeidh sé faoi lánseol faoi mhí Eanáir 2019. Is é aidhm Nuachóiriú an Chórais ÍMAT go mbeidh fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim, ag fostóirí agus ag fostaithe ar an eolas is deireanaí maidir le hasbhaintí pá agus cánach.

#### Céard a chiallaíonn sé do mo scoil?

- **Ní mór** do na scoileanna go léir a fhostaíonn daoine nach bhfuil fostaithe go díreach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (.i. Feighlithe, Rúnaithe agus Glantóirí):
  - córas ríomhairithe párolla a bheith i bhfeidhm acu.

#### NÓ

- seirbhísí leabharchoimeádaí/cuntasóra a fháil, a bheidh in ann feidhm tacaíochta párolla a chur ar fáil a chomhlíonann riachtanais Nuachóiriú an Chórais ÍMAT.
- Gheobhaidh na Coimisinéirí Ioncaim an t-eolas is deireanaí dá bhfuil fáil air agus ní bheidh gá le tuairisceáin P30, P35, P45 ná P60 a thuilleadh. Gheobhaidh an córas párolla creidmheasanna cánach nua ó na Coimisinéirí Ioncaim go huathoibríoch agus ullmhóidh an tuairisceán a bhíonn le seoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach uair a rithear an párolla.
- Beidh fosaithe in ann talamh slán a dhéanamh de i gcónaí nach bhfuil siad ag ró-íoc ná ag gearríos a gcuid cánacha.  
Beidh fáil acu ar a dtairfead leis na Coimisinéirí Ioncaim trí ‘moChúrsaí’ ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)
- Eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas míosúil d’fhostóirí ina leagfar amach iomlán an ÍMAT, ÁSPC, MSU agus CMÁ atá le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Ní bheidh aon athrú ar na híocaíochtaí a dhéantar leis na Coimisinéirí Ioncaim, .i. go míosúil, go ráithiúil, go bliantúil, srl.

- Ní mór do scoileanna a bheith cláraithe le ROS le bheith in ann an méid thuas a chomhlíonadh.

### **Cén chaoi ar féidir liom ullmhú do Nuachóiriú an Chórais ÍMAT?**

Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá acu faoi láthair ó thaobh párolla de agus na hathruithe is gá a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh siad réidh leis na riachtanais nua a chomhlíonadh.

- **Ní mór** do gach uile scoil córas ríomhairithe párolla a bheith aici le go mbeidh sí in ann plé a dhéanamh leis an bpróiseas párolla go héifeachtach cruinn nó seirbhísí tacaíochta párolla a fháil ó ghníomhaire.
- I gcás sholáthraí na mbogearraí párolla nó an ghníomhaire a chuireann seirbhísí tacaíochta párolla ar fáil don scoil, ba chóir don scoil a chinntiú go gcomhlíonann siadsan an reachtaíocht nua.
- Déan cinnte de go bhfuil an UPSP ceart agat do gach fostaí.
- Ba chóir go mbeadh gach fostaí cláraithe ar ROS trí 'moChúrsaí'.
- Eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim P2C nuashonraithe i ndáil le gach fostaí i mí na Nollag don bhliain dár gcionn. Féadfar é sin a iompórtáil isteach sa chóras ríomhairithe párolla ag tús na bliana nua.

**Má bhíonn aon eolas breise uait, ná bíodh aon drogall ort r-phost a chur chuig [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) nó glao a chur ar (01) 910 4020.**

**An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)**